Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8147/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0075 (NLE)**

**POLCOM 132**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta<br>- Glacadh |

1. An 13 Aibreán 2026 chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta[1].

[1] 8146/26 + ADD 1

2. An 23 Aibreán 2026, d’fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA).

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8148/26 é, chomh maith leis an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste CETA maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear i mír 2 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach don chlár comhlíontachta agus forfheidhmithe i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta do tháirgí cógaisíochta, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8148/26 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ó Chomhchoiste CETA AE, mar a leagtar amach in 8148/26 ADD 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.